

Scrúduithe in aimsir COVID-19

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bplé atá ar siúl faoi conas na scrúduithe Ardteistiméireachta a eagrú i mbliana. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí thíos?



- trade union _____
- to run, to organise _____
- before the pandemic struck _____
- public health advice _____
- in favour of _____
- impartial _____
- balanced _____
- opposition parties _____
- accredited grades _____
- measured _____
- recognition _____
- to be ready _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Cén Ghaeilge a chuirfeá ar na teidil seo thíos? Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tugaigí buille faoi thuairim ar dtús agus ansin téigí chuig www.tearma.ie le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Association of Secondary Teachers, Ireland (ASTI)
National Association of Principals and Deputy Principals
Teachers' Union of Ireland (TUI)

Cén leagan de na teidil thuas a bhí sa mhír?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén tuairim atá ag na heagraíochtaí thuas (a luaitear i gceist 2) faoin tslí ar cheart na scrúduithe Ardteistiméireachta a eagrú i mbliana?
2. Cén tuairim atá ag an Teachta Dála Donnchadh Ó Laoghaire faoin scéal?

Ceist 4 ‘...mar a **bhí** siad anuraidh...’

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas:

1. Déan liosta de na briathra mírialta.
2. Scríobh amach na briathra mírialta anois san aimsir chaite. Bíodh na ceisteanna agus na freagraí (idir dhearfacha agus diúltacha) scríofa i do liosta agat. Féach an sampla sa bhosca.
3. Cuirigí ceisteanna ar a chéile faoin mbliain 2021.

Abair: An ndúirt...? Dúirt. / Ní dúirt.

Foghlaimoir 1: An ndúirt tú le do mháthair gur theip ort sa scrúdú roimh an Nollaig?

Foghlaimoir 2: Ní dúirt.

Ceist 5 ‘... tar éis **bhriseadh** na Nollag...’

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh cúis an tséimhithe sa sampla thuas a mhíniú?
2. Bainigí amach na lúbíní sna samplaí thíos agus scríobhaigí amach na leaganacha cearta sna bearnaí:

(ag tús)(mí)(an Bhealtaine)

(barr)(leathanach)(an leabhar)

(hata)(máthair)(Síle)

(ceol)(cóisir)(an oíche)

(le linn)(obair)(an lá)

(rothar)(bean)(an leabharlann)

(i rith)(geimhreadh)(an bhliain 1989)

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú féin faoin gcóras Ardteistiméireachta a bhí ann anuraidh agus cén córas ba cheart a bheith ann i mbliana, dar leat?
2. An bhfuil na scrúduithe Ardteistiméireachta níos éasca nó níos deacra ná mar a bhí 20 bliain ó shin? Cén fáth?
3. Ceist chonspóideach! Ach, an gceapann tú go bhfuil daoine níos cliste sa lá atá inniu ann ná mar a bhí caoga bliain ó shin? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

trade union	<i>ceardchumann</i>
to run, to organise	<i>a reáchtáil</i>
before the pandemic struck	<i>sular bhuail an phaindéim</i>
public health advice	<i>comhairle sláinte poiblí</i>
in favour of	<i>i bhfabhar</i>
impartial	<i>neamhchlaonta</i>
balanced	<i>cothrom</i>
opposition parties	<i>páirtithe an fhreasúra</i>
accredited grades	<i>gráid chreidiúnaithe</i>
measured	<i>tomhaiste</i>
recognition	<i>aitheantas</i>
to be ready	<i>a bheith faoi réir</i>

Ceist 2

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
Aontas Múinteoirí na hÉireann

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Abair	Dúirt
	An ndúirt...? Ní dúirt
Beir	Rug
	Ar rug...? Níor rug
Bí	Bhí
	An raibh...? Ní raibh
Clois	Chuala
	Ar chuala...? Níor chuala
Déan	Rinne
	An ndearna...? Ní dhearna
Faigh	Fuair
	An bhfuair...? Ní bhfuair
Feic	Chonaic
	An bhfaca...? Ní fhaca
Ith	D'ith
	Ar ith...? Níor ith
Tabhair	Thug
	Ar thug...? Níor thug
Tar	Tháinig
	Ar tháinig...? Níor tháinig
Téigh	Chuaigh
	An ndeachaigh...? Ní dheachaigh

Cleachtadh cainte atá i gcuid 3.

Ceist 5

1. Tugtar ‘Foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh’ ar an riail sin. Má thagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach (na Nollag) i ndiaidh ainmfhocal eile (briseadh), fágtar an t-ainmfhocal eile sin gan infhilleadh de ghnáth agus cuirtear séimhiú ar thúsleitir an aonaid, nuair atá sé faoi réir ag focal nó ag leagan a leanann an ginideach é (tar éis): Tar éis **b**hriseadh na Nollag.

2. Féach:

- ag tús mhí na Bealtaine
- barr leathanach an leabhair
- hata mháthair Shíle
- ceol chóisir na hoíche
- le linn obair an lae
- rothar bhean na leabharlainne
- i rith gheimhreadh na bliana 1989

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Deir ceardchumann na múinteoirí go bhfuil siad i bhfabhar na scrúduithe stáit a reáchtáil mar a bhí, sular bhuail an phaindéim. Deir Cumann na Meánmhúinteoirí go bhfuil sé róluath ag an tráth seo a bheith ag moladh na scrúduithe a reáchtáil mar a bhí siad anuraidh. Ach deir Cumann na bPríomhoidí agus Leas-Príomhoidí¹ gur cheart meascán den dá chóras – scrúduithe scríofa agus creidiúnaithe – a chur i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19.

Sinéad Ní Neachtain

D'oscail roinnt institiúidí tríú leibhéal a gcuid doirse inniu tar éis bhriseadh na Nollag faoi shrianta bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí. Ach tá inní léirithe ag Aontas Múinteoirí Éireann nach bhfuil na mascanna cuí á gcur ar fáil ag an rialtas dá mbaill.

John MacGabhann, Aontas Múinteoirí Éireann

Táimid ag iarraidh ar an Aire Harris mascanna leighis den chaighdeán cuí, is é sin FFP 2, a chur ar fáil agus próiseas lárnach a chur i bhfeidhm chun na mascanna sin a sholáthar.

Sinéad Ní Neachtain

Deir Cumann na Meánmhúinteoirí tráthnóna go bhfuil siad i bhfabhar na scrúduithe stáit a reáchtáil mar a bhí sular bhuail an phaindéim.

Moira Leydon, Cumann na Meánmhúinteoirí

Beidh an chuid is mó de na daltaí agus tá an chuid is mó de na múinteoirí... tá siad *vaccinated* (vacsaínithe), agus tá na scoileanna ar oscailt. Agus, mar gheall air sin, tá an ASTI den tuairim, ag an bpointe seo... tá sé róluath le bheith ag caint faoi aon chóras nua, seachas an córas ina bhfuil muinín ag gach duine, agus atá neamhchlaonta, agus atá go hiomlán cothrom.

Sinéad Ní Neachtain

Tá Ceardchumann na bPríomhoidí Náisiúnta, chomh maith le páirtithe an fhreasúra faoi leith, ag iarraidh go dtabharfar rogha do mhic léinn Ardeiste arís i mbliana tabhairt faoi scrúduithe scríofa nó gráid chreidiúnaithe a roghnú.

Donnchadh Ó Laoghaire TD, Urlabhraí Oideachais Shinn Féin

Ba chóir don Aire Foley an Ardeist a eagrú ar an mbonn céanna le hanuraidh, go mbeidh an rogha ag scoláirí idir na grádanna tomhaiste agus na scrúduithe scríofa. Is é sin an rud atá cóir. Tugann sé aitheantas don chailliúint a bhí ag scoláirí leis na scoileanna a bheith dúnta anuraidh agus iad a bheith amuigh ar thréimhsí agus fiú amháin foireann a bheith amuigh ar thréimhsí i mbliana.

Sinéad Ní Neachtain

Tuigtear go bhfuil athruithe i ndán do na scrúduithe scríofa i mbliana ar mhaithe le rogha níos forleithne a chur ar fáil, chomh maith le pleananna a bheith faoi réir má chuireann COVID isteach ar chúrsaí oideachais arís i mbliana.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

¹ *Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha* an leagan oifigiúil